C/2026/866

9.2.2026

CINNEADH UIMH 2/2026 Ó ARDRÚNAÍ CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

an 30 Eanáir 2026

lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus maidir le srian ar chearta na n-ábhar sonraí chun críche bearta sriantacha

(C/2026/866)

TÁ ARDRÚNAÍ CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 235(4) agus Airteagal 240(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1725 an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([1]), agus go sonrach, Airteagal 25 de,

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) an 13 Meitheamh 2025, a ndeachthas i gcomhairle leis i gcomhréir le hAirteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2018/1725,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725 na prionsabail agus na rialacha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais chomh maith le cearta na n-ábhar sonraí.

(2) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go n-éileofaí ar Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) réiteach a dhéanamh idir cearta na n-ábhar sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725 agus cuspóirí na mbeart sriantach. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le cothromaíocht a bhaint amach idir cearta an ábhair sonraí agus cearta agus saoirsí bunúsacha na n-ábhar sonraí eile. Chuige sin, foráiltear, le hAirteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, gur féidir le gach institiúid nó comhlacht den Aontas srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4, a mhéid a chomhfhreagraíonn forálacha an Airteagail sin leis na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin. Mura bhforáiltear do shrianta i ngníomh dlí arna ghlacadh ar bhonn na gConarthaí, is gá rialacha inmheánacha a ghlacadh faoina bhfuil an Ardrúnaíocht i dteideal srian a chur leis na cearta sin.

(3) Féadfaidh an Chomhairle bearta sriantacha a ghlacadh i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, grúpaí nó eintitis nach eintitis stáit iad faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES). Is é an tArdionadaí a mholann na gníomhartha dlí lena mbunaítear bearta sriantacha a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh CBES, bunaithe ar Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Féadfar a áireamh ar na bearta sriantacha trádbhaic ar onnmhairiú arm agus trealaimh a úsáidtear le haghaidh brú faoi chois inmheánach, toirmisc ar dhaoine aonair ainmnithe faoi theacht isteach san Aontas, reo sócmhainní i gcás daoine agus eintitis ainmnithe, chomh maith le bearta ginearálta eile eacnamaíocha ar nós srianta ar earraí nó seirbhísí áirithe a allmhairiú nó a onnmhairiú, toirmisc ar sheirbhísí airgeadais nó seirbhísí eile a sholáthar, agus srianta ar rochtain ar mhargaí caipitil. Ina theannta sin, más srianta eacnamaíocha nó airgeadais iad na bearta sriantacha nach mór d'oibreoirí eacnamaíocha san Aontas a chur chun feidhme go díreach, cuireann an tArdionadaí agus an Coimisiún togra comhpháirteach chun cinn le haghaidh rialachán de chuid an Aontais, bunaithe ar Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(4) Le Comhsheasamh 2001/931/CBES ón gComhairle ([2]) agus le Rialachán (CE)Uimh. 2580/2001 ón gComhairle ([3]), leagtar síos na critéir chun daoine, grúpaí agus eintitis atá bainteach le gníomhartha sceimhlitheoireachta agus atá le bheith faoi réir bearta sriantacha, a liostú. Le Comhsheasamh 2001/931/CBES agus le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001, sainaithnítear freisin gníomhaíochtaí ar gníomhartha sceimhlitheoireachta iad chun na críche sin agus sainítear na bearta sriantacha atá le cur i bhfeidhm. Is le reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha a bhaineann na bearta sin, agus freisin leis an gcomhar póilíneachta agus breithiúnach.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj.
([2]) Comhsheasamh ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2001/931/oj).
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 an 27 Nollaig 2001 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28.12.2001, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2580/oj).

(5) Le Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle ([4]) agus Rialacháin (CE)Uimh. 881/2002 ón gComhairle ([5]) agus (AE) 2016/1686 ([6]) ón gComhairle, leagtar síos creat dlíthiúil an Aontais maidir le srianta taistil a fhorchur ar dhaoine aonair, agus trádbhac arm agus reo sócmhainní i gcás daoine aonair agus eintitis, atá ainmnithe ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar go bhfuil siad bainteach le ISIL (Da'esh)/Al-Qaida.

(6) Agus bearta sriantacha á n-ullmhú agus á n-athbhreithniú acu, próiseálann seirbhísí ábhartha na hArdrúnaíochta cineálacha éagsúla sonraí pearsanta, lena n-áirítear ainmneacha (lena n-áirítear ailiasanna) agus (más eol), dáta breithe agus áit bhreithe, náisiúntacht, uimhir pas agus uimhir cárta aitheantais, inscne, seoladh, feidhm nó gairm, cúlra gairmiúil, oideachas, leasanna gnó, comhdhéanamh teaghlaigh, sonraí airgeadais, cinntí riaracháin náisiúnta, ciontuithe coiriúla agus díotálacha. Féadfar ainm, seoladh gairmiúil, pas agus comhordanáidí gairmiúla dhlíodóir(í) an duine is gá chun comhfhreagrais a dhéanamh, a phróiseáil freisin. I gcás inarb ábhartha, déantar faisnéis faoi bhallraíocht eagraíochtaí sceimhlitheoireachta a phróiseáil freisin. Áirithíonn na seirbhísí ábhartha go bhfuil na sonraí pearsanta a phróiseálann siad leordhóthanach, ábhartha agus nach bhfuil siad iomarcach i ndáil leis an mbeart sriantach a ullmhú. Ba cheart fógra a thabhairt do na daoine lena mbaineann beart sriantach trí bhíthin cumarsáid phearsanta más eol a seoltaí nó trí bhíthin fógra a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart iad a chur ar an eolas freisin faoin gcineál sonraí atá á bpróiseáil nó a phróiseálfar, faoin gcaoi a bpróiseálfar iad agus faoi na cearta atá acu ina leith sin.

(7) Roinntear na sonraí pearsanta uile leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), agus cinntí lena n-ainmnítear daoine nádúrtha agus dlítheanacha á n-ullmhú agus á n-athbhreithniú. I gcomhthéacs imeachtaí cúirte, d'fhéadfadh sé go rachadh an Chomhairle i muinín ghnéithe de na sonraí pearsanta sna himeachtaí freisin.

(8) Tá córais uile na mbeart sriantach faoi réir athbhreithniú rialta maidir le cuspóirí sonraithe agus éifeachtacht na mbeart, agus i bhfianaise na faisnéise nuashonraithe agus na mbarúlacha a fuarthas. D'fhéadfadh sé go n-éileofaí leis an bpróiseas athbhreithnithe malartú comhfhreagrais idir an Chomhairle agus daoine/eintitis liostaithe nó a ndlíodóirí, a fhágfadh go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil (lena n-áirítear réamhfhógra maidir le dréachtráiteas ar chúiseanna, faisnéis nuashonraithe, barúlacha agus iarrataí ar dhíliostú, agus iarrataí ar rochtain phoiblí nó phribhléideach ar an gcomhad).

(9) Agus bearta sriantacha á n-ullmhú agus á n-athbhreithniú, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil freisin chun cumarsáid a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha agus le tríú tíortha ar bhonn dianriachtanais eolais, ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail agus chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

(10) I gcás ina bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfadh cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725 dochar d'éifeachtacht na mbeart sriantach, d'fhéadfadh sé gur ghá srian a chur le cur i bhfeidhm na n-airteagal sin. Sna cásanna sin, caithfear cearta na n-ábhar sonraí de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 a thabhairt chun réitigh le riachtanas na Comhairle a áirithiú go mbíonn an beart sriantach éifeachtach. Níor cheart aon srian ar cheart na n-ábhar sonraí atá faoi réir beart sriantach a chur i bhfeidhm ach amháin in imthosca teoranta agus ba cheart é a láimhseáil ar bhealach trédhearcach agus comhréireach ó thaobh raon feidhme agus tréimhse de.

(11) D'fhéadfadh sé gur ghá anaithnideacht foinse a chosaint. Sa chás sin, féadfar srian a chur ar cheart rochtana ar chéannacht, ar theistiméireachtaí agus ar shonraí pearsanta eile na ndaoine sin laistigh de theorainneacha na gceart cosanta.

(12) Níor cheart don Ardrúnaíocht srianta ar chearta na n-ábhar sonraí a chur i bhfeidhm ach amháin nuair a urramaítear leo bunús na gceart bunúsach agus na saoirsí bunúsacha, nuair atá siad fíor-riachtanach agus nuair is beart comhréireach iad i sochaí dhaonlathach. Ba cheart don Ardrúnaíocht cúiseanna a thabhairt lena dtugtar údar do na srianta sin.

(13) Agus i gcomhréir le prionsabal na cuntasachta, ba cheart do sheirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta taifead a choinneáil de chur i bhfeidhm aon srianta agus an méid sin a chlárú.

([4]) Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1693/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 an 27 Bealtaine 2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis atá bainteach leis na heagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida (IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise arna ndíriú ar ISIL (Da'esh) agus ar Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil baint acu leo (IO L 255, 21.9.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1686/oj).

(14) Le hAirteagal 25(6) de Rialachán (AE) 2018/1725 ceanglaítear ar an rialaitheoir na hábhair sonraí a chur ar an eolas faoi na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm sriain bunaithe agus faoina gceart gearán a thaisceadh le MECS.

(15) De bhun Airteagal 25(8) de Rialachán (AE) 2018/1725, tá an Ardrúnaíocht i dteideal soláthar faisnéise a iarchur, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú maidir leis na cúiseanna atá le srian a chur ar ábhar sonraí dá gcuirfeadh sé sin éifeacht an tsriain ar ceal ar aon bhealach ar bith. Ba cheart don Ardrúnaíocht measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás cibé an gcuirfeadh cumarsáid faoin srian a éifeacht ar ceal.

(16) Ba cheart deireadh a chur leis na srianta a luaithe nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na coinníollacha a thugann údar dóibh nó i gcás ina gcoinneofaí iad go gcuirfeadh sé sin isteach ar chearta cosanta. Ba cheart measúnú a dhéanamh go rialta ar an ngá atá le bearta sriantacha.

(17) Ba cheart dul i gcomhairle leis an Oifigeach Cosanta Sonraí in am trátha agus ba cheart é nó í a chur ar an eolas faoi aon srianta a bheadh le cur i bhfeidhm agus ba cheart an deis a bheith aige nó aici tuairim a thabhairt maidir lena mhéid a chomhlíonann siad an Cinneadh seo,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Raon Feidhme

1. Leis an gCinneadh seo, leagtar síos rialacha maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) srian a chur ar chur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 den Rialachán sin a mhéid a chomhfhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 25 de.

2. Chun críocha an Chinnidh seo, measfar gurb í an Ardrúnaíocht an rialaitheoir de réir bhrí Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725. Is é an tArdrúnaí a dhéanann ionadaíocht ar an Ardrúnaíocht.

Airteagal 2

Srianta

1. Féadfaidh an Ardrúnaíocht srian a chur le cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 21, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2018/1725, chomh maith le hAirteagal 4 den Rialachán sin a mhéid a fhreagraíonn a fhorálacha do na cearta agus do na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagail 14 go 21 de Rialachán (AE) 2018/1725 faoi aon cheann de na cúinsí seo a leanas:

(a) de bhun Airteagal 25(1), pointí (a) go (d) agus pointí (g) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725, nuair a dhéanann an Chomhairle bearta sriantacha dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí a ullmhú, a ghlacadh agus a athbhreithniú bunaithe ar Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus ar Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); agus faoi Chomhsheasamh 2001/931/CBES, Rialachán (CE)Uimh. 2580/2001, Cinneadh (CBES) 2016/1693 agus Rialacháin (CE)Uimh. 881/2002 agus (AE) 2016/1686 ón gComhairle;

(b) de bhun Airteagal 25(1), pointí (a) go (d) agus pointí (g) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725, agus an fhéidearthacht á háirithiú do thríú páirtithe fíorais a thuairiscíú faoi rún, fíorais ar dá ndroim a ullmhaítear agus a athbhreithnítear na bearta sriantacha dá bhforáiltear i ngníomhartha dlí bunaithe ar Airteagal 29 CAE agus Airteagal 215 CFAE; agus faoi Chomhsheasamh 2001/931/CBES, Rialachán (CE)Uimh. 2580/2001, Cinneadh (CBES) 2016/1693 agus Rialacháin (CE) Uimh. 881/2002 agus (AE) 2016/1686 ón gComhairle;

(c) de bhun Airteagal 25(1), pointí (a) go (d) agus pointí (g) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725, agus cúnamh á sholáthar d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile den Aontas nó á fháil uathu, nó nuair atáthar ag comhoibriú leo de bhun comhaontuithe leibhéal seirbhíse, meabhráin tuisceana agus comhaontuithe comhair ábhartha;

(d) de bhun Airteagal 25(1), pointí (a) go (d) agus pointí (g) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725, nuair atá cúnamh agus comhar á soláthar d'údaráis phoiblí na mBallstát nó á bhfáil uathu, arna iarraidh sin dóibh nó ar a tionscnamh féin;

(e) de bhun Airteagal 25(1), pointí (a) go (d) agus pointí (g) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725, nuair atá cúnamh á sholáthar d'údaráis náisiúnta tríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó áitiúla nó á fháil uathu nó nuair atáthar ag comhoibriú leis na húdaráis nó leis na heagraíochtaí sin, arna iarraidh sin dóibh nó ar a tionscnamh féin; nó

(f) de bhun Airteagal 25(1), pointí (e) agus (h), de Rialachán (AE) 2018/1725, nuair atá sonraí pearsanta á bpróiseáil i gcomhthéacs imeachtaí riaracháin, imeachtaí breithiúnacha nó imeachtaí eile.

Airteagal 3

Srianta a chur i bhfeidhm

1. Beidh aon srian ar na cearta nó ar na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 2 riachtanach agus comhréireach, agus na rioscaí do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí á gcur san áireamh.

2. Sula gcuirfear ceann de na srianta a leagtar amach in Airteagal 2 i bhfeidhm, déanfaidh seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta tástáil ar riachtanas agus ar chomhréireacht. Beidh srianta teoranta dá bhfuil fíor-riachtanach chun a gcuspóir a bhaint amach.

3. Déanfaidh seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta na cúiseanna atá le haon srian a chuirfear i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo, lena n-áirítear an tástáil dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo agus na forais faoi Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2018/1725. Beidh an taifead agus, i gcás inarb infheidhme, na doiciméid ina bhfuil na heilimintí bunúsacha fíorasacha agus dlíthiúla mar chuid de chlár a choimeádfaidh seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta. Cuirfear ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (MECS) iad ach iad a iarraidh.

Airteagal 4

Fad agus coimircí

1. Leanfaidh na srianta dá dtagraítear in Airteagal 2 d'fheidhm a bheith acu fad a bheidh na cúiseanna a thug údar leo fós infheidhme.

2. Déanfaidh seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na srianta dá dtagraítear in Airteagal 2 gach 12 mhí ar a laghad, nó roimhe sin mura mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna a thugann údar leo.

3. Cuirfear deireadh leis na srianta a luaithe nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna a thugann údar dóibh.

4. Mura mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna le srian dá dtagraítear in Airteagal 2, cuirfidh an Ardrúnaíocht an srian i leataobh agus tabharfaidh sí na cúiseanna atá leis an srian sin don ábhar sonraí. Ag an am céanna, cuirfidh an Ardrúnaíocht an t-ábhar sonraí ar an eolas maidir leis an bhféidearthacht gearán a thaisceadh le MECS.

5. Cuirfidh an Ardrúnaíocht coimircí chun feidhme chun drochúsáid sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srianta a chosc nó chun rochtain nó aistriú mídhleathach na sonraí sin a chosc. Áireofar leis na coimircí sin bearta teicniúla agus eagraíochtúla agus beidh mionsonraí maidir leo, de réir mar is gá, i gcinntí, nósanna imeachta agus rialacha cur chun feidhme inmheánacha na hArdrúnaíochta. Áireofar na nithe seo a leanas sna coimircí:

(a) sainmhíniú leordhóthanach ar róil, freagrachtaí agus céimeanna gnásúla;

(b) i gcás inarb infheidhme, timpeallacht leictreonach shlán lena gcoiscfear rochtain neamhdhleathach nó de thaisme nó aistriú sonraí leictreonacha chuig daoine neamhúdaraithe;

(c) i gcás inarb iomchuí, stóráil agus próiseáil shábháilte doiciméad páipéarbhunaithe, más infheidhme; agus

(d) faireachán cuí a dhéanamh ar shrianta agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm.

Airteagal 5

Rannpháirtíocht an Oifigigh Cosanta Sonraí

1. I gcás ina gcinneann seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta gur cheart cearta ábhar sonraí a shrianadh de bhun an Chinnidh seo, cuirfidh sí an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ar an eolas. Tabharfaidh sí rochtain do OCS freisin ar an taifead agus ar aon doiciméid ina bhfuil eilimintí fíorasacha agus dlíthiúla. Déanfaidh seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta rannpháirtíocht OCS i gcur i bhfeidhm srianta a thaifeadadh, lena n-áirítear sa mheasúnú ar riachtanas agus ar chomhréireacht an tsriain.

2. Féadfaidh OCS a iarraidh ar sheirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na srianta. Cuirfidh an tseirbhís lena mbaineann OCS ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh an athbhreithnithe a iarradh.

Airteagal 6

Faisnéis do na hábhair sonraí

1. Cuirfidh an Ardrúnaíocht mír leis an ráiteas príobháideachais agus leis na taifid de na gníomhaíochtaí próiseála a fhoilseofar i gclár na n-oibríochtaí próiseála a sholáthróidh faisnéis ghinearálta do na hábhair sonraí maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí cearta na n-ábhar sonraí a shrianadh de bhun Airteagal 2(1). Cumhdóidh an fhaisnéis cad iad na cearta a fhéadfar a shrianadh, na forais ar a bhféadfar srianta a chur i bhfeidhm agus an tréimhse fhéideartha.

2. Cuirfidh na seirbhísí ábhartha ábhair sonraí ar an eolas, i bhformáid iomchuí, faoi shrianta leanúnacha ar a gcearta nó faoi shrianta ar a gcearta amach anseo. Cuirfidh siad an t-ábhar sonraí ar an eolas faoi na príomhchúiseanna ar a bhfuil cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe, faoina cheart dul i gcomhairle le OCS agus faoina cheart gearán a thaisceadh le MECS.

3. Féadfaidh na seirbhísí ábhartha soláthar na faisnéise do na hábhair sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú, fad a chuirfeadh sí éifeacht an tsriain ar ceal. Is ar bhonn cás ar chás a dhéanfar an measúnú an mbeadh údar leis sin. A luaithe nach gcuirfeadh sí éifeacht an tsriain ar ceal, a thuilleadh, cuirfear an fhaisnéis ar fáil don ábhar sonraí.

4. I gcás ina gcuirfidh seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta srian, go hiomlán nó go páirteach, le soláthar na faisnéise do na hábhair sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh an Ardrúnaíocht na cúiseanna atá leis an srian a thaifeadadh agus a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 3.

Airteagal 7

Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí

1. I gcás ina bhfuil an Ardrúnaíocht faoi oibleagáid sárú sonraí a chur in iúl faoi Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, féadfaidh sí, in imthosca eisceachtúla, srian a chur leis an gcumarsáid sin go hiomlán nó go páirteach. Déanfaidh sí an cinneadh sin a dhoiciméadú mar a fhoráiltear faoi Airteagal 3(3) den Chinneadh seo.

2. I gcás nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna leis an srian, cuirfidh an Ardrúnaíocht an sárú ar shonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí lena mbaineann agus cuirfidh sí in iúl dó nó di na príomhchúiseanna atá leis an srian sin agus faoina cheart nó faoina ceart gearán a thaisceadh le MECS.

Airteagal 8

Rúndacht na cumarsáide leictreonaí

1. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Ardrúnaíocht srian a chur ar an gceart chun rúndacht na cumarsáide leictreonaí faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/1725.

2. I gcás ina gcuireann an Ardrúnaíocht srian leis an gceart chun rúndacht na cumarsáide leictreonaí, cuirfidh sí an t-ábhar sonraí lena mbaineann ar an eolas, ina fhreagra ar aon iarraidh ón ábhar sonraí, faoi na príomhchúiseanna a bhfuil cur i bhfeidhm an tsriain bunaithe agus faoina cheart nó faoina ceart gearán a thaisceadh le MECS.

3. Féadfaidh an Ardrúnaíocht soláthar na faisnéise a bhaineann leis na cúiseanna atá leis an srian a chur siar, a fhágáil ar lár nó a dhiúltú, fad a bhainfeadh sé an bonn d'éifeacht an tsriain. Is ar bhonn cás ar chás a dhéanfar an measúnú an mbeadh údar leis sin.

Airteagal 9

Na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí

1. Urramóidh aon srian bunús na gceart agus na saoirsí bunúsacha agus ba cheart é a bheith riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach.

2. Aon uair a dhéanann seirbhís ábhartha na hArdrúnaíochta, a gcuirtear de chúram uirthi bearta sriantacha a ullmhú nó a athbhreithniú, riachtanas agus comhréireacht srianta a mheas, breithneoidh sí na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí.

3. Ní fhéadfaidh sé a bheith d'éifeacht le haon srian cosc a chur ar dhaoine a mbainfidh bearta sriantacha leo a gcearta cosanta a fheidhmiú, agus go háirithe a gceart chun éisteacht a fháil i gcomhthéacs athbhreithniú ar na bearta sriantacha.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2026.

An tArd-Rúnaí

Thérèse BLANCHET